Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil
Department of Communications, Climate Action & Environment

# The 'Climate Action and Air Quality Award'



# The ‘Climate Action and Air Quality Award’

## About the award

The ‘Climate Action and Air Quality Award’ Tidy Towns Special Award is sponsored by the Department of Communications, Climate Action and Environment. The overall aim of this award is to recognise the positive contribution your local community is making in **raising awareness** and **taking positive actions** in addressing climate change and improving air quality.

Climate change and air quality are key issues for all of us. We must ensure that what we do today does not compromise our environment, but instead enhances it and makes it a place where all generations, current and future, can live sustainable and healthy lives. Each committee should highlight **one key awareness initiative** in their community which makes a lasting and positive contribution to the climate change and air quality challenges.

## Competition

We are looking for Tidy Town committees to demonstrate innovative ways in which you have **raised awareness** to address the challenges of climate change and air quality, and which could be easily replicated by other communities. With our ‘Climate Action and Air Quality Award’ Tidy Towns Special Award we are interested to hear about initiatives where you have:

1. Demonstrated how you raised **awareness** within the community. This could involve enhancing your community’s links and co-operation with initiatives such as the Green Schools Programme, Climate Ambassadors, Cool Planet Champions or other approaches to tackling **climate change** and improving **air quality**. It could feature thematic lectures, workshops, promotional campaigns etc.
2. Encouraged your community to improve the impact of the **everyday choices** they make. Promoting smarter travel, raising awareness of issues such as food waste, food miles, recycling and upcycling, or choosing a low smoke fuel are examples of lifestyle changes with climate change and air quality benefits.
3. Supported the **sustainable use of local resources** and a considered approach to **protecting the environment**. This could, for example, include innovative waste management activities, tree planting, or encouragement of the use of low smoke fuels.
4. Show how working together with the wider community has influenced **behaviour change** to more environmentally sustainable practices. Tidy Town committees can engage with a wide range of local groups including sports clubs, social clubs, men’s sheds, schools, local authorities or other community groups.

## Prize

**Two prizes** of **€2,250** will be awarded to two TidyTowns Committees, one from a large town/urban centre and one from a village/small town and **one overall runner ups prize** for **€1,000**. Also recognising the key role of the **younger generation**, an additional award of **€500** is also available this year which has demonstrated the greatest contribution from either a large or small town on the same theme. Marks will be awarded for community involvement, raising community awareness, lasting effects, continued action ongoing with sustainability objectives and replicability in other similar communities.

## Application Process

Applications must be submitted by 17 May (in line with the main competition). Final reports must be submitted by 31st July 2019 to climateawards@dccae.gov.ie

If you have any questions you can contact Orla at 01-6782415 or Emmet at 01-6782087 or by email to Climateawards@dccae.gov.ie and we will be happy to answer any questions.

Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil
Department of Communications, Climate Action & Environment

SuperValu TidyTowns

# An 'Duais um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Cháilíocht Aeir'



# An **‘Duais um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Cháilíocht Aeir’**

## Maidir leis an Duais

Is Duais Speisialta sa Chomórtas na mBailte Slachtmhara í an ‘Duais um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Cháilíocht Aeir’, atá urraithe ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na Aeráide agus Comhshaoil. Is é príomhaidhm na duaise aitheantas a thabhairt don rannchuidiú dearfach a dhéanann do phobal áitiúil chun **feasacht a mhúscailt** agus chun **gníomhaíochtaí dearfacha a dhéanamh** maidir le feabhas a chur ar cháilíocht aeir, agus aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide.

Is saincheisteanna do gach duine iad an t-athrú aeráide agus cáilíocht an aeir. Caithfimid a chinntiú nach bhfuil dochar á dhéanamh againn don timpeallacht, ach a mhalairt - go bhfuil feabhas á chur againn ar an timpeallacht trínar ngníomhaithe, agus go bhfuil domhan á chruthú againn inar féidir le gach glúin saol sláintiúil is inbhuanaithe a chaitheamh. Ba chóir do gach coiste **tionscnamh feasachta amháin** a shonrú atá ag déanamh rannchuidiú i bhfábhar athrú buan agus dearfach ar dhúshlán na haeráide agus dúshlán na cáilíochta aeir.

## Comórtas

Táthar ag súil go léireoidh Coistí Bailte Slachtmhara tionscnaimh nuálacha inar éirigh leo **feasacht an phobail a mhúscailt** chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an athraithe aeráide agus cáilíochta aeir, agus arbh fhéidir le pobail eile aithris a dhéanamh orthu gan dua. Leis an ‘Duais um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Cháilíocht Aeir’, ba mhaith linn a fháil amach faoi thionscnaimh inar léiríodh na nithe seo a leanas:

1. Léiriú ar an mbealach ar éirigh libh feasacht an phobail a mhúscailt. D’fhéadfadh a bheith i gceist leis seo ná feabhas a chur ar na naisc agus comhoibriú atá ar bun ag an bpobal le tionscnaimh amhail Clár na Scoileanna Glasa, Climate Ambassadors, Cool Planet Champions nó eile, agus atá dírithe ar cháilíocht aeir a fheabhsú nó ar dhul i ngleic leis an athrú aeráide. D’fhéadfaí léachtaí, ceardlanna, feachtais fógraíochta agus araile ar théamaí bainteacha a bheith ann mar chuid den tionscnamh s’agaibh.

2. Léiriú ar an mbealach ar thug sibh spreagadh don phobal feabhas a chur ar thoradh na roghanna **laethúla** a dhéanann siad. Mar eiseamláir den athrú i slí mhaireachtála a d’imreodh tionchar dearfach ar cháilíocht aeir agus ar athrú aeráide, is féidir a lua:  breosla íseal-deataigh a roghnú, taisteal níos cliste a chur chun cinn, agus feasacht a mhúscailt maidir le dramhbhia, bia-aistear, athchúrsáil agus dea-chúrsáil (upcycling).

3. Léiriú ar an mbealach ar thacaigh sibh le **húsáid inbhuanaithe na n-acmhainní áitiúla** agus le cur chuige meáite maidir le **cosaint an chomhshaoil**. D’fhéadfaí  go n-áireofaí air sin, mar shampla, bainistiú nuálach dramhaíola, plandáil crann, nó úsáid an bhreosla íseal-deataigh a spreagadh.

4. Léiriú ar an mbealach ar éirigh libh, i gcomhar leis an bpobal i gcoitinne, **iompar daoine a athrú** i dtreo cleachtais atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Is féidir le Coistí Bailte Slachtmhara dul i gcomhar le raon leathan grúpaí, cumainn spóirt, clubanna sóisialta, botháin na bhfear, scoileanna, údaráis áitiúla nó grúpaí pobail san áireamh.

## Próiseas Iarratais

Is féidir iarratas a chur isteach trí ríomhphost chuig TidyTowns@ahg.gov.ie nó tríd an bpost chuig Aonad na mBailte Slachtmhara, Roinn Cultúir, Oidhreachta, agus Gaeltachta, Oifigí an Rialtais, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 E8N6

*Cuir isteach do Eircode freisin, le do thoil. Aimsigh do Eircode ag: www.eircode.ie*

Caithfear gach tuairisc dheiridh bheith curtha isteach faoi 31 Iúil 2019 chuig climateawards@dccae.gov.ie

Bronnfar duais **€2,250** ar **dhá Choiste Bailte Slachtmhara**, coiste amháin as baile mór/lárionad uirbeach agus coiste amháin as sráidbhaile/baile beag, a rinne léiriú ar **thionscnamh amháin** ina bpobail féin atá ag deanamh rannchuidiú dearfach i leith dúshlán na haeráide. Ba chóir go mbeadh na tionscnaimh nuálach agus ba chóir go bhféadfaí aithris a dhéanamh orthu gan dua.

Bíonn ról tábhachtach ag an nglúin óg agus an aghaidh á tabhairt ag an tír ar dhúshlán na haeráide. Dá bhrí sin, cuirfear duais breise ar fáil de luach €500 i mbliana don Choiste Bailte Slachtmhara na nÓg (baile mór nó baile beag) a léiríonn an rannchuidiú is suntasaí ar an téama céanna.

Bronnfar marcanna faoi na ceannteidil seo a leanas: rannpháirtíocht pobail, múscailt feasachta pobail, éifeachtaí seasmhacha, gníomhaithe leanúnacha maraon le haidhmeanna inbhuanaithe chomh maith le inmhacasamhlaíocht i bpobail atá cosúil. Glacfar le hiarratas **amháin** ó gach coiste bailte slachtmhara bailí.

Glacfar le hiarratas amháin ó gach coiste bailte slachtmhara na n-óg bailí mar chuid den chomórtas atá dírithe orthusa amháin.

Má tá aon cheist agat maidir le hiarratas a dhéanamh, téigh i dteagmháil le Orla at 01-6782636 nó Emmet ag 01-6782087 sula chuireann tú isteach é, agus beimid sona sásta cuidiú leat.